



C/2024/2291

2.4.2024

Caingean arna tabhairt an 20 Feabhra 2024 – an Coimisiún Eorpach v Ard-Diúcacht Lucsamburg

(Cás C-138/24)

(C/2024/2291)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: W. Roels, A. Ferrand, Gníomhairí)

Cosantóir: Ard-Diúcacht Lucsamburg

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- a chinneadh gur mhainnigh Ard-Diúcacht Lucsamburg a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Threoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016 lena leagtar síos rialacha in aghaidh cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chomhrac (IO 2016 L 193, lch. 1), trí eintitis urrúsúcháin a chur leis an liosta de na cineálacha gnóthas airgeadais a liostaítear in Airteagal 2(5) den treoir sin d'fhonn iad a eisiamh ó raon feidhme chur i bhfeidhm na rialacha maidir le leasanna a theorannú in Airteagal 4 den treoir sin;
- a ordú do Ard-Diúcacht Lucsamburg na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Áitíonn an Coimisiún gur chuir Ard-Diúcacht Lucsamburg eintitis urrúsúcháin leis na cineálacha gnóthas airgeadais a liostaítear in Airteagal 2(5) de Threoir 2016/1164, d'fhonn a n-eisiamh ó raon feidhme chur i bhfeidhm na rialacha um theorannú úis a cheadú de réir bhrí Airteagal 4 den treoir seo.

Ar ndóigh, dhéanfaidh Airteagal 4(7) de Threoir 2016/1164 foráil don rogha do na Ballstáit gnóthais airgeadais a eisiamh ón teorainn le hin-asbhainteacht na gcostas iasachtaíochta breise chun an bonn cánach do cháin chorparáideach a ríomh. Mar sin féin, in Airteagal 2(5) den Treoir sin tá liosta uileghabhálach de na heintitis a thagann faoi choincheap na ngnóthas airgeadais. Ní bheadh eintitis urrúsúcháin ina gcuid den liosta seo agus dá bhrí sin ní thiocfadh leo faoi choincheap na ngnóthas airgeadais de réir bhrí na Treorach sin.